COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

An Bhruiséil, 22 Lúnasa 2011 (23.08)
(OR. en)

13344/11

Comhad Idirinstitiúideach:
2011/0199 (COD)

FRONT 101
VISA 148
CODEC 1297
COMIX 502

TOGRA

ó:	An Coimisiún Eorpach
dar dáta:	27 Iúil 2011
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COIM(2011) 461 leagan deireanach
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006 maidir le limistéar Kaliningrad agus ceantair riaracháin Pholannacha áirithe a áireamh sa limistéar teorann incháilithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo togra ón gCoimisiún, a cuireadh isteach le litir chlúdaigh ó Jordi AYET PUIGARNAU chuig Uwe CORSEPIUS, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Faoi iamh: COIM(2011) 461 leagan deireanach

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 27.7.2011
COIM(2011) 461 leagan deireanach

2011/0199 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006 maidir le limistéar Kaliningrad agus ceantair riaracháin Pholannacha áirithe a áireamh sa limistéar teorann incháilithe

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tá sé le leas an Aontais Eorpaigh mhéadaithe a áirithiú nach gcuirfidh na teorainneacha atá aige leis na tíortha comharsanachta bacainn ar thrádáil, ar idirmhalartú sóisialta agus cultúrtha, ná ar chomhar réigiúnach leis na tíortha sin. Dá bhrí sin, ghlac an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa Rialachán in 2006 inar leagadh síos rialacha maidir le trácht teorann áitiúil ag teorainneacha seachtracha talún na mBallstát[1], (Rialachán maidir le trácht teorann áitiúil), a dhéanann foráil maidir le maolú ó na rialacha ginearálta i ndáil le seiceálacha teorann atá leagtha amach i gCód Teorainneacha Schengen le haghaidh daoine a bhfuil cónaí orthu i limistéar teorann. Údaraíonn an Rialachán na Ballstáit comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích le tíortha comharsanachta nach bhfuil san AE, ar chuntar go gcomhlíonann na comhaontuithe sin ina n-iomláine na paraiméadair atá leagtha síos ag an Rialachán.

Ba é tátal a bhain an Coimisiún as an dara tuarascáil, mí Feabhra 2011[2], go n-éascaíonn córas an tráchta teorann áitiúil an saol do dhaoine a bhfuil cónaí orthu gar do na teorainneacha seachtracha talún, agus is beag fianaise atá ann go bhfuil mí-úsáid á baint as an gcóras.

Maidir le staid shonrach Kaliningrad – is cuid de Chónaidhm na Rúise é limistéar Kaliningrad áit a bhfuil cónaí ar bheagnach milliún duine, agus is é an t-aon iamhchríoch amháin é laistigh den AE ó méadaíodh an AE in 2004 – dúirt an Coimisiún freisin go bhféadfadh bonn maith a bheith le leasú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le trácht teorann áitiúil.

Leoga, cás ar leith ó thaobh na tíreolaíochta de is ea iamhchríoch Kaliningrad: ceantar réasúnta beag é atá timpeallaithe le dhá Bhallstát de chuid an AE. Is cosúil le limistéar teorann é an *oblast* ina iomláine. Ní aon limistéar eile san Eoraip atá cosúil leis, as siocair a shuímh tíreolaíochta agus mar gur iamhchríoch é.

Ionas nach ndéanfar Kaliningrad a scoitheadh óna chomharsana, ní mór taisteal a éascú d'áitritheoirí an réigiúin sin.

Tá Comhaontú an AE-Chónaidhm na Rúise maidir le héascú víosaí i bhfeidhm ó 2007, ach cé gur céim shuntasach é i dtaobh deiseanna soghluaiseachta a fheabhsú, dhéanfadh córas an tráchta teorann áitiúil tuilleadh éascaithe go háirithe maidir le riachtanais taistil sa cheantar áitiúil, bídís ina riachtanais thráthrialta nó ina riachtanais laethúla, fiú. Mar shampla, ní bheadh ar iarratasóirí cruthúnas a thabhairt ar ghléas leordhóthanach beatha, d'fhéadfaí an ceadúnas a eisiúint saor in aisce nó d'fhéadfaí lánaí ar leith agus nó/pointí sonracha trasnaithe teorann a chur in áirithe nó a shocrú le haghaidh tráchta teorann áitiúil. Chomh maith leis sin, rachadh an t-éascú sin chun tairbhe d'áitritheoirí limistéar Kaliningrad ar fad, rud nach ionann agus an cás faoi chomhaontú éascaithe víosa an AE-Chónaidhm na Rúise nach ndéanann éascú ach maidir le catagóirí áirithe daoine.

Chun deighilt mhínádúrtha *oblast* Kaliningrad a chosc, deighilt a chiallódh go ndéanfaí trácht teorann áitiúil a éascú do chuid de na háitritheoirí ach go gceilfí an t-éascú sin ar an tromlach (áitritheoirí chathair Kaliningrad san áireamh), ba cheart freisin limistéar Kaliningrad ar fad a bheith incháilithe mar limistéar teorann i gcomhaontú déthaobhach idir Ballstát agus

---

[1] Rialachán Uimh. 1931/2006 an 20 Nollaig 2006, IO L 405, 30.12.2006, lch. 1.

[2] COIM(2011) 47 an 9 Feabhra 2011.

Cónaidhm na Rúise. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhféadfaí an limistéar teorann incháilithe seo a shíneadh a thuilleadh ina dhiaidh sin.

Sa chomhthéacs sin, agus chun go mbeadh fíoréifeacht ag an Rialachán sa réigiún sin, ba cheart limistéar teorann sonrach ar thaobh na Polainne a áireamh sa limistéar teorann incháilithe freisin, chun idirmhalartú eacnamaíoch agus cultúrtha a éascú agus a fheabhsú idir *oblast* Kaliningrad ar láimh amháin agus mórionaid i dtuaisceart na Polainne ar an láimh eile.

An síneadh eisceachtúil seo ar an gcrios teorann i limistéar Kaliningrad, ní dhéanann sé difear don sainmhíniú ginearálta ar an limistéar teorann incháilithe (an chrios 30/50km), agus leagtar béim air sin. Chomh maith leis sin, beidh feidhm i gcónaí ag na rialacha agus coinníollacha go léir atá sa Rialachán maidir le trácht áitiúil teorann a ráthaíonn slándáil limistéar Schengen ar fad. Go háirithe, bainfidh na gnéithe slándála céanna leis na ceadúnais um thrácht teorann áitiúil mar atá leagtha amach sa Rialachán, agus ní fhéadfar ceadúnais um thrácht teorann áitiúil a eisiúint ach d'iarratasóirí a chomhlíonfaidh na coinníollacha ar fad atá leagtha amach sa Rialachán. Chomh maith leis sin, ní mór don Pholainn a áirithiú go mbeidh aon mhí-úsáid a bhainfear as córas an tráchta teorann áitiúil faoi réir pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, agus áireofar leis sin an fhéidearthacht ceadúnais um thrácht teorainn áitiúil a chur ar ceal agus a aisghairm. Sa chomhthéacs sin, tá údaráis na Polainne tiomanta cheana féin d'fheachtais spriocdhírithe faisnéise a sheoladh agus do limistéar an tráchta teorann áitiúil a mharcáil go soiléir.

Beidh an togra seo ina chúnamh chun an chomhpháirtíocht straitéiseach idir an AE agus Cónaidhm na Rúise a chur chun cinn, i gcomhréir leis na tosaíochtaí i dtaobh comhair trasteorann atá leagtha síos sa Phlean Oibre le haghaidh spáis choitinn um Shaoirse, Slándáil agus Ceartas, agus déanfar é a mheas i gcomhthéacs an chaidrimh atá idir an AE agus Cónaidhm na Rúise.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA

Ar bhonn an dara tuarascáil ón gCoimisiún maidir le feidhmiú chóras an tráchta teorann áitiúil, phléigh na Ballstáit an deis dul i gceann réitigh shonraigh le haghaidh iamhchríoch Kaliningrad sna fóraim iomchuí.

Tá tromlach na mBallstát i bhfábhar an réitigh sin, ar choinníoll nach mbeadh aon phlé nua ann ar an sainmhíniú ginearálta ar an gcrios teorann, agus gur eisceacht í seo a bheadh ina réiteach sonrach uathúil ar chás iamhchríoch Kaliningrad, agus ar an gcás sin amháin.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 77(2)(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Déanann an togra leasú ar an Rialachán maidir le trácht teorann áitiúil, Rialachán a bunaíodh ar an bhforáil choibhéiseach sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, i.e. Airteagal 62(2)(a) (teorainneacha seachtracha).

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí do bhuiséad an AE ag an leasú atá beartaithe.

2011/0199 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006 maidir le limistéar Kaliningrad agus ceantair riaracháin Pholannacha áirithe a áireamh sa limistéar teorann incháilithe

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(b) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Fágann rialacha an Aontais maidir le trácht teorann áitiúil, arna mbunú le Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos rialacha maidir le trácht teorann áitiúil ag teorainneacha seachtracha talún na mBallstát agus lena leasaítear forálacha Choinbhinsiún Schengen[3], atá i bhfeidhm ó 2007 amach, nach gcuirtear aon bhacainn ar thrádáil, ar idirmhalartú sóisialta agus cultúrtha ná ar chomhar réigiúnach le tíortha comharsanachta, agus ag an am céanna caomhnaíonn siad slándáil limistéar Schengen ar fad.

(2) Cás ar leith ó thaobh na tíreolaíochta de is ea *oblast* Kaliningrad: ceantar réasúnta beag é atá timpeallaithe le dhá Bhallstát agus is é an t-aon iamhchríoch san AE é; de bharr chruth an réigiúin agus dháileadh an daonra, dhéanfaí an iamhchríoch a dheighilt go mínádúrtha dá gcuirfí na rialacha caighdeánacha maidir leis an limistéar teorann a shainiú i bhfeidhm, agus chiallódh deighilt dá leithéid go ndéanfaí trácht teorann áitiúil a éascú do chuid de na háitritheoirí ach go gceilfí an t-éascú sin ar thromlach na n-áitritheoirí, áitritheoirí chathair Kaliningrad ina measc. I bhfianaise a aonchineálaí is atá *oblast* Kaliningrad, agus d'fhonn trádáil, idirmhalartú sóisialta agus cultúrtha agus comhar réigiúnach a fheabhsú, ba cheart eisceacht shonrach a dhéanamh ó Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006 ionas go measfaí *oblast* Kaliningrad ina iomláine mar limistéar teorann.

(3) Ba cheart limistéar teorann sonrach ar thaobh na Polainne a aithint mar limistéar teorann incháilithe freisin, chun go mbeadh fíoréifeacht ag cur i bhfeidhm Rialachán

[3] IO L 405, 30.12.2006, lch. 1.

(CE) Uimh. 1931/2006 sa réigiún sin trí dheiseanna níos mó a chruthú i ndáil le trádáil, idirmhalartú sóisialta agus cultúrtha agus comhar réigiúnach idir *oblast* Kaliningrad ar láimh amháin agus mórionaid i dtuaisceart na Polainne ar an láimh eile.

(4) Tá an Rialachán seo gan dochar don sainmhíniú ginearálta ar an limistéar teorann agus urramaíonn sé go hiomlán na rialacha agus na coinníollacha atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006 lena n-áirítear pionóis a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm ar áitritheoirí teorann a bhaineann mí-úsáid as córas an tráchta teorann áitiúil.

(5) Beidh an Rialachán seo ina chúnamh chun an chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na Rúise a chur chun cinn a thuilleadh, i gcomhréir leis na tosaíochtaí atá leagtha síos sa Phlean Oibre le haghaidh spáis choitinn um Shaoirse, Slándáil agus Ceartas, agus cuireann sé san áireamh an caidreamh atá idir an AE agus Cónaidhm na Rúise.

(6) Ós rud é nach féidir cuspóir an Rialacháin seo, eadhon foráil a dhéanamh maidir le leasú ar rialacha an Aontais atá ann cheana a bhaineann le trácht teorann áitiúil, a bhaint amach go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát agus gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach freisin san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal (Uimh. 22) maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl an Rialachán seo ina cheangal ar an Danmhairg ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm. Ó tharla go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

(8) Is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha *acquis* Schengen, nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen[4]. Dá bhrí sin, ní bheidh an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal uirthi ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) Is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha *acquis* Schengen, nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen[5]. Dá bhrí sin, ní bheidh Éire rannpháirteach i nglacadh

---

4 IO L 131, 1.6.2000, lch. 43.
5 IO L 64, .7.3.2002, lch. 20.

an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal uirthi ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

(10) Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe a tugadh i gcrích idir Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[6], ar forálacha iad a thagann faoin réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin[7].

(11) Maidir leis an Eilvéis, is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe a tugadh i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm, agus a fhorbairt[8], ar forálacha iad a thagann faoin réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh in éineacht le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[9].

(12) Maidir le Lichtinstéin, is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail a tugadh i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoin réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 arna léamh in éineacht le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[10].

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas ag deireadh phointe 2 d'Airteagal 3:

"Measfar gur limistéar teorann iad na limistéir atá liostaithe san iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo."

(2) Cuirtear Iarscríbhinn leis mar atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

---

6 IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.
7 IO L 176, 10.7.1999, lch. 31.
8 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.
9 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.
10 IO L 160, 18.6.2011, lch. 19.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile is go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa,	*Thar ceann na Comhairle,*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

IARSCRÍBHINN

‘Iarscríbhinn:

1. *Oblast* Kaliningrad

2. Na ceantair riaracháin Pholannacha (powiaty) in województwo pomorskie: pucki, m. Gdynia, m. Sopot, m. Gdańsk, gdański, nowodworski, malborski

3. Na ceantair riaracháin Pholannacha (powiaty) in województwo warmińsko-mazurskie: m. Elbląg, elbląski, braniewski, lidzbarski, bartoszycki, m. Olsztyn, olsztyński, kętrzyński, mrągowski, węgorzewski, giżycki, gołdapski, olecki. ’